2026/828

15.4.2026

CINNEADH (AE) 2026/828 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Márta 2026

maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Eacuadór, den pháirt eile, maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis Eacuadór atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) agus Airteagal 88, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa [1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2], déantar foráil gur féidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás tríú tír ar bhonn, *inter alia*, comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin de bhun Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena dtugtar coimircí leordhóthanacha i ndáil le príobháideachas, cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.

(2) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2025/1541 ón gComhairle [3] , rinneadh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus Eacuadór, den pháirt eile, maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis Eacuadór atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac ('an Comhaontú') a shíniú an 30 Márta 2026, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(3) Leis an gComhaontú bunaítear caidreamh comhoibritheach idir Europol agus údaráis inniúla Eacuadór, agus ceadaítear leis sonraí pearsanta agus neamhphearsanta a aistriú eatarthu, d'fhonn an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a chosaint.

(4) Áirithítear leis an gComhaontú go n-urramófar ina hiomláine Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), lena n-áirítear an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, a aithnítear in Airteagal 7 den Chairt, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, a aithnítear in Airteagal 8 den Chairt, agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa, a aithnítear in Airteagal 47 den Chairt. Áirítear sa Chomhaontú coimircí leordhóthanacha chun sonraí pearsanta arna n-aistriú ag Europol faoin gComhaontú a chosaint.

(5) Ní dhéanann an Comhaontú difear d'aistriú sonraí pearsanta nó cineálacha eile comhair idir na húdaráis atá freagrach as an tslándáil náisiúnta a chosaint, agus tá sé gan dochar don aistriú sin.

(6) De bhun Airteagal 218(7) CFAE, is iomchuí don Chomhairle údarú a thabhairt don Choimisiún leasuithe ar Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a fhormheas, thar ceann an Aontais.

(7) Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2016/794 agus tá sí, dá bhrí sin, rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.

---

[1] Toiliú an 11 Márta 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

[2] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/794/oj).

[3] Cinneadh (AE) 2025/1541 ón gComhairle an 18 Iúil 2025 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Eacuadór, den pháirt eile, maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis Eacuadór atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L, 2025/1541, 25.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1541/oj).

(8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(9) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus thug sé tuairim uaidh an 17 Iúil 2025.

(10) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Eacuadór, den pháirt eile, maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis Eacuadór atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac a údarú thar ceann an Aontais ([5]).

Airteagal 2

Chun críocha Airteagal 31(2) den Chomhaontú, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gComhairle, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir le leasuithe ar Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann leis an gComhaontú a fhormheas.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a ghlacfar é ([6]).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Márta 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. PANAYIOTOU

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([5]) Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in IO L, 2026/827, 15.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2026/827/oj.

([6]) Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.